

Athbhreithniú ar Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2013 Páipéar Comhairliúcháin



RÉAMHRÁ

Infheistiú i gCaidreamh Domhanda: Foilsíodh Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010-2015 i Meán Fómhair 2010¹. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an straitéis seo a chur chun feidhme, chun an obair a rinneadh ar leibhéal institiúideach a chomhlánú agus a thacú:

- Tá branda láidir náisiúnta i bhfeidhm anois: *Education in Ireland*, arna bhainistiú ag Fiontraíocht Éireann.
- Is dlúithe ná riamh an t-ailíniú idir beartais oideachais agus beartais inimirce.
- Tá Scoláireacht nua Rialtas na hÉireann bunaithe agus í á bainistiú ar an Údarás um Ardoideachas.
- Ceapadh Ciste Margaíochta Idirnáisiúnta Oideachais chun gur feidir le hinstitiúidí dul i gcomhar le tionscnaimh mhargaíochta náisiúnta faoi stiúir Fhiontraíocht Éireann.
- Tá córas oideachais na hÉireann á chur chun cinn i margaí tosaíochta SAM, na Síne, na hIndia, Oirdheisceart na hÁise agus na Murascaille. Tá cuairt tugtha ag Airí le dhá bhliain anuas ar gach ceann de na margaí tosaíochta.
- Tá Éire rannpháirteach ar leibhéal náisiúnta i mórscéimeanna scoláireachta idirnáisiúnta ar nós *An Eolaíocht gan Teorainn* (an Bhrasaíl) agus *Clár Scoláireachta an Rí Abdullah* (An Araib Shádach).
- Déantar foráil reachtúil anois do mharc oideachais idirnáisiúnta agus do chóid cleachtais, a chuirfidh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíocht Éireann ar fáil sa bhliain 2014).
- Tá méadú tagtha ar líon na mac léinn idirnáisiúnta sna hearnálacha tosaíochta: 14% de mhéadú ar an earnáil Bhéarla agus 9% de mhéadú ar ardoideachas ón mbliain 2010 i leith.
- Tá tairiscint oideachais idirnáisiúnta na hÉireann níos éagsúla anois agus tá an soláthar trasteorann ag dul i dtábhacht an t-am ar fad.

Ach tá athrú mear ag teacht ar an éileamh domhanda ar oideachas. Tá leathnú mór ar bun ar an éileamh ar oideachas ar fud an domhain, go háirithe sna margaí éiritheacha ina bhfuil lucht an mheánaicme ag dul i méid. Ciallaíonn soláthar ar líne ar chostas

¹ <http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Ireland-s-International-Education-Strategy-2010-2015-Investing-in-Global-Relationships.pdf>

níos ísle agus cáilíochtaí idirnáisiúnta a bheith dá seachadadh sna tíortha féin go bhfuil athrú ag teacht ar an tsamhail thraidisiúnta d'oideachas idirnáisiúnta, inar nós le mic léinn na mílte míle a thaisteal chun staidéar a dhéanamh sa domhan forbartha.

Is é ar leas é leanúint de bheith ag mealladh mic léinn tréitheacha idirnáisiúnta ó mhargaí tosaíochta chun dul i mbun staidéir in Éirinn. Ach chun go mbeidh rath orainn feasta ní mór dúinn punann níos éagsúlaithe de sheirbhísí oideachais idirnáisiúnta a thairiscint chun freastal ar éilimh agus ar ionchais an mhargaidh dhomhanda.

Ag cuimhneamh air sin, tugadh le fios sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 go ndéanadh an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú gearr spriocdhírthe ar an straitéis oideachais idirnáisiúnta.

Is é a bheith mar thoradh ar an athbhreithniú plean nua Rialtais chun oideachas idirnáisiúnta a chur chun cinn, plean a fhoilseofar roimh dheireadh 2013.

Cuspóir an Doiciméid Chomhairliúcháin

Is é cuspóir an pháipéir chomhairliúcháin seo tuairimí a lorg ó gheallsealbhóirí leasmhara ar na ceisteanna seo a leanas a bheidh faoi chaibidil san athbhreithniú:

- 1. Poist Éireannacha a chruthú trí fhás inbhuanaithe ar oideachas idirnáisiúnta**
- 2. Dul san iomaíocht go domhanda faoin mbranda Education in Ireland**
- 3. Deiseanna nua i margaí tosaíochta**
- 4. Neartú a dhéanamh ar dhea-cháil na hÉireann as cáilíocht**
- 5. Idir alumni agus dhiaspóra na hÉireann a ghníomhachtú**

Féadfaidh aighneachtaí ó gheallsealbhóirí díriú ar cheist ar bith a mheasann siad a bheith ábhartha, lena n-áirítear ceisteanna nár tarraingíodh anuas go sainráite sa doiciméad seo. Cuirfear fáilte ar leith roimh aighneachtaí ina bhfuil fianaise mar thaca leo, samplaí de dhea-chleachtas agus moltaí cuiditheacha maidir leis an tslí ina bhféadfaí beartais agus cineálacha cur chuige a fheabhsú.

Cathain agus conas ar cheart aighneachtaí a dhéanamh?

Oibreoidh an Roinn go díreach leis an ICOS, an Chomhairle Éireannach um Mic Léinn Idirnáisiúnta, chun fóraim a éascú inar féidir le mic léinn idirnáisiúnta a gcuid tuairimí a thabhairt.

Iarrfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ionadaithe soláthraithe oideachais ar an nGrúpa Ardleibhéal ar Oideachas Idirnáisiúnta freagraí comhordaithe óna gcomhaltaí faoi seach a chur isteach. Ba mhór againn freagraí a fháil ó gheallsealbhóirí eile, leis. Foilseofar aighneachtaí ar www.education.ie

Ba cheart aighneachtaí a chur chuig Mary Whelan, An Roinn Oideachais agus Scileanna ag Mary_Whelan@education.gov.ie faoin 11 Deireadh Fómhair 2013.

1. POIST ÉIREANNACHA A CHRUTHÚ TRÍ MHÉADÚ INBHUANAITHE AR OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Is é príomhthosaíocht an Rialtais poist a choimeád agus a chruthú. Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 aithnítear an t-oideachas idirnáisiúnta mar earnáil shuntasach a sholáthraíonn deiseanna d'Éireann.

Is féidir poist Éireannacha a choinneáil agus a chruthú tríd an tionchar a bhíonn ag mic léinn idirnáisiúnta, agus tríd an gcaidreamh fadtéarmach atá forbartha againn lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus trí thuilleamh eachtrannach a fhaightear ó sheirbhísí oideachais idirnáisiúnta a sholáthar.

Scrúdófar san athbhreithniú conas an líon glan post is mó is féidir a ghiniúint as oideachas idirnáisiúnta. Déanfar athbhreithniú idir-rannach ar an lamháltas oibre do mhic léinn nach comhaltaí den LEE iad mar chuid den phróiseas seo le fáil amach cibé an bhfuil na beartais reatha oiriúnach i ndálaí reatha an mhargaidh shaothair.

Cuirfidh an plean gníomhaíochta nua d'oideachas idirnáisiúnta spriocanna nua i bhfeidhm chun fás agus éagsúlú a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuil líon inbhuanaithe mac léinn idirnáisiúnta tréitheacha á mealladh ag Éirinn.

Ceisteanna comhairliúcháin:

- Cé na slite inar féidir le hoideachas idirnáisiúnta rannchuidiú le haidhmeanna an Phlean Gníomhaíochta do Phoist a bhaint amach e.g. poist a chruthú go díreach trí sheirbhísí oideachais idirnáisiúnta, ag cothú na fiontraíochta i measc céimithe idirnáisiúnta, ag líonadh bearnaí áirithe scile?
- Conas is féidir le hÉirinn na céimithe idirnáisiúnta is oilte a choimeád?
- Cén cumas institiúideach atá ann chun mic léinn idirnáisiúnta breise a thógáil isteach, agus cé na réimsí agus na leibhéil ina bhféadfaí sin a dhéanamh?
- Cé na spriocanna atá leagtha amach i straitéisí institiúideacha? An spriocanna réalaíocha iad agus an bhfuil acmhainní ann chun tacú leo?
- Cé na spriocanna náisiúnta is ceart a bheith againn le haghaidh earcaíocht mac léinn? Cé na spriocanna is ceart a shocrú do ghnéithe eile den idirnáisiúnú: oideachas ar líne, oideachas trasnáisiúnta etc.? Cad iad na tagarmharcanna idirnáisiúnta ábhartha?

2. DUL SAN IOMAÍOCHT GO DOMHANDA FAOIN MBRANDA EDUCATION IN IRELAND

Tá raon roghanna oideachasúla níos mó ná riamh ag mic léinn idirnáisiúnta ionchasacha. Is mó atá le tairiscint ag Éirinn do mhic léinn dá leithéid, ach chun cluas éisteachta a fháil in áit mhargaidh dhomhanda plódaithe ní mór dúinn a bheith soiléir faoi cé na cúiseanna a bhfuil difríocht idir oideachas Éireannach agus oideachas i dtíortha eile agus an fáth a bhfuil luach fadtéarmach ag gabháil leis.

Níl i bhfeasacht a mhúscailt i dtaobh oideachas Éireannach ach an chéad chéim. Chun dul chun cinn a dhéanamh, ní mór aistear an mhic léinn trí na próisis eolais, iarratais, iontrála agus inimirce a dhéanamh a réidhe is féidir.

Tá tíortha atá in iomaíocht le hÉirinn ag infheistiú go mór i gcur chun cinn agus i bhforbairt a seirbhísí oideachais idirnáisiúnta agus mar sin is den tábhacht é go mbainfeadh Éire an leas is fearr is féidir as a hacmhainní féin, lena n-áirítear comhar breise a dhéanamh.

Soiléireofar róil agus ionchais gníomhaireachtaí Rialtais, ionadaithe earnála, institiúidí agus eile maidir le cur i ngníomh an phlean ghníomhaíochta nua agus breithneofar a éifeachtaí atá na modhanna comhordaithe náisiúnta atá i réim faoi láthair. Féachfar an bhféadfaí acmhainní a chomhthiomsú ar bhealaí eile chun tabhairt faoi thionscadail straitéiseacha.

Ceisteanna comhairliúcháin:

- **Cén luach a thairgeann Éire mar ionad don oideachas idirnáisiúnta?**
- **Conas is féidir an méid atá le tairiscint ag Éirinn do mhic léinn idirnáisiúnta a idirdhealú ón méid atá le tairiscint ag tíortha eile?**
- **Cad iad na cláir acadúla atá againn is fearr a théann san iomaíocht go hidirnáisiúnta?**
- **Cé na réimsí ar cheart d'earnáil an Bhéarla díriú orthu i margaí nach margaí LEE iad?**
- **Cén feabhsú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar aistear an mhic léinn trí na chéad chéimeanna earcaíochta? An bhfuil deiseanna do ghnó Éireannach sa réimse seo?**
- **Cé na hacmhainní a úsáideann institiúidí, earnálacha agus comhlachtaí ionaid aonair chun an t-idirnáisiúnú a chur chun cinn? Áirítear air sin acmhainní ar an láthair sna margaí tosaíochta.**

- **An bhfuil deiseanna ann chun acmhainní a chomhroinnt tuilleadh i measc institiúidí, go háirithe i measc rannpháirtithe i gcomhaontais straitéiseacha agus i mbraislí réigiúnacha?**
- **Cé na tionscadail straitéiseacha a d'fhéadfaí a chur chun feidhme trí acmhainní a chomhthiomsú tuilleadh e.g. a “ionad ilfhreastail” mar thairseach chomhroinnte iarratas?**
- **Conas a d'fhéadfaí modhanna comhordaithe náisiúnta agus earnála a neartú?**

3. DEISEANNA NUA I MARGAÍ TOSAÍOCHTA

Cé go bhfuil fás ag tarlú i gcónaí, tá cur isteach suntasach á dhéanamh ar an tsamhail d'oideachas idirnáisiúnta atá i réim ó na 1990idí ina dtaistealaíonn líon mór mac léinn thar sáile chun dul i mbun clár iomlán céime.

Tá leathnú ollmhór déanta ar raon agus ar cháilíocht na roghanna oideachais intíre i ngeilleagair éiritheacha, a fhágann gur togra níos réadúla é anois do dhaoine uailmhianacha tréitheacha dul i mbun oideachais ina dtír féin. A bhuíochas ar sholáthar trasnáisiúnta is féidir le mic léinn leas a bhaint as mórchuid tairbhí de chórais oideachais forbartha ardcháilíochta gan a dtír féin a fhágáil. Togra réalaióch é den chéad uair do na milliúin daoine dul i mbun breisoideachais agus ardoideachais toisc a shaoire atá an t-oideachas ar líne (go háirithe MOOCanna - cúrsaí ollmhóra oscailte ar líne).

Beidh Éire fós san iomaíocht go tréan ag iarraidh mic léinn tréitheacha idirnáisiúnta taistil a mhealladh. Ach ní mór dúinn ár bhfócas a leathnú agus a dhéanamh níos éagsúla, agus féachaint le deiseanna nua a thapú i réimsí ar nós forbairt scileanna thar sáile, clár oiliúna do mhúinteoirí, comhairleacht, oideachas agus oiliúint ar líne agus trasnáisiúnta.

De réir mar a athraíonn an t-éileamh domhanda, ní mór d'Éirinn an tosaíocht a thugann sí do mhargaí áirithe a choimeád faoi athbhreithniú le cinntiú go ndírímid ar na réigiúin sin a thabharfaidh an toradh is fearr.

Ceisteanna comhairliúcháin:

- **Cé na deiseanna a chruthaítear d'Éirinn de bharr an tsuaite i dtreochtaí agus i dteicneolaíochtaí in oideachas idirnáisiúnta?**
- **Cé na bearta is gá a dhéanamh ar leibhéal institiúideach, earnála agus náisiúnta chun na deiseanna sin a thapú?**
- **Cén acmhainn atá ann chun nascacht a mhéadú idir seirbhísí oideachais agus gnóthais agus seirbhísí intrádáilte eile na hÉireann e.g. soghluaisteacht**

idirnáisiúnta mac léinn a mhaoiniú, teicneolaíochtaí nua oideachais a fhorbairt etc?

- **Ar cheart cineálacha cur chuige difreálaithe a úsáid, ag brath ar nádúr na deise sna margaí tosaíochta (e.g. i margaí éiritheacha, ardfháis, aibí)?**
- **An bhféadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach ach díriú níos géire ar líon níos lú tíortha nó réigiún?**
- **Cé na margaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtosaíochtaí sna blianta romhainn agus cé na hullmhúcháin a ba cheart a dhéanamh sna margaí sin?**
- **Cé na scéimeanna scoláireachta ag rialtais eachtracha ar cheart d'Éirinn a bheith ag lorg rannpháirtíochta iontu ar leibhéal náisiúnta?**

4. NEARTÚ A DHÉANAMH AR DHEA-CHÁIL NA hÉIREANN AS CÁILÍOCHT

Leagtar amach i straitéis 2010 fíis ina "dtairgfeadh [Éire] oideachas ardchaighdeán, imeascadh forleathan le mic léinn intíre, agus eispéireas nach bhfaighfí a mhacasamhail in aon tír eile agus a chuirfeadh luach suntasach le torthaí gairme an uile dhuine a gheobhadh oideachas anseo".

Dul chun cinn suntasach ab ea é reachtaíocht a achtú lenar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn reachtúil Marc Oideachais Idirnáisiúnta agus cód cleachtais. Tá comhairliúchán poiblí ar leithligh ar siúl ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíocht Éireann ar thabhairt isteach Mharc Oideachais Idirnáisiúnta, agus is é an 13 Meán Fómhair 2013 an dáta deiridh.

Beidh tábhacht ar leith le tuairimí na mac léinn féin agus ceisteanna mar gheall ar cháilíocht an oideachais idirnáisiúnta á mbreithniú. Tá Roinn Oideachais agus Scileanna ag obair go díreach leis an ICOS, an Chomhairle Éireannach um Mic Léinn Idirnáisiúnta, chun fóraim a éascú inar féidir le mic léinn idirnáisiúnta ionchur a dhéanamh san athbhreithniú straitéise.

Ceisteanna comhairliúcháin:

- **Cad eile is gá a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach ag mic léinn idirnáisiúnta in Éirinn? Cén dea-chleachtas arbh fhiú a roinnt sa réimse seo?**
- **Céard eile is féidir a dhéanamh chun cosaint d'fhoghlaimoirí sula dtagann siad go hÉirinn a neartú e.g. aon táillí a íoctar roimh ré a chosaint?**
- **Conas is féidir rannchuidiú na mac léinn idirnáisiúnta a aithint ar leibhéal náisiúnta?**
- **Conas a thomhaiseann institiúidí sástacht agus dul chun cinn mac léinn idirnáisiúnta?**

5. ALUMNI AGUS DIASPÓRA NA hÉIREANN A GHNÍOMHACTÚ

Cuspóir lárnach de straitéis na hÉireann is ea é líonra nua domhanda a chruthú comhdhéanta d'alumni idirnáisiúnta a fuair oideachas in Éirinn. Lena chois sin, aithnítear an t-oideachas mar shlí ríthábhachtach chun naisc a chothabháil agus a fhorbairt lenár ndiaspóra ar fud an domhain.

Tá taithí éigin ar chóras oideachais na hÉireann ag na deiceanna de mhílte daoine ar fud an domhain. Is iad an fhoinse is mó, b'fhéidir, nár baineadh leas as fós chun Éire a chur chun cinn mar ionad don oideachas idirnáisiúnta. Scrúdófar san athbhreithniú céard eile is ceart a dhéanamh chun caidreamh a rachaidh chun leasa an dá thaobh a fhorbairt le halumni idirnáisiúnta na hÉireann agus conas a d'fhéadfaí ár n-alumni a ghníomhachtú chun Education in Ireland a chur chun cinn. Breithneofar, leis, an bhféadfaí baill eile den diaspóra Éireannach a mhealladh chun staidéar a dhéanamh in Éirinn.

Ceisteanna comhairliúcháin:

- Cé hiad na halumni d'institiúidí Éireannacha is mó cáil?
- Cad a dhéanann institiúidí i láthair na huaire chun caidreamh a choimeád ar bun lena gcuid alumni agus a ngairmré a rianú? Céard eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal institiúideach?
- Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal earnála agus náisiúnta chun caidreamh le halumni a neartú? Cé ar cheart dó nó di dul i gceannas ar an bpróiseas seo ar leibhéal náisiúnta?
- Conas is féidir linn alumni a spreagadh chun Éire a chur chun cinn mar ionad don oideachas idirnáisiúnta laistigh dá ngréasáin féin? Cé na ról eile a d'fhéadfadh a bheith ag alumni?
- Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tuilleadh easaoránach Éireannach agus baill dár ndiaspóra a mhealladh chun filleadh ar Éirinn chun a gcuid staidéir a dhéanamh?